

**Fáilte**

Fáilte go dtí an chéad eagrán den Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach againn. Is sa scoilbhliain 2019 – 2020 a bheifear ag cur tús le OR na Sraithe Sóisearaí. Cuirfidh an nuachtlitir seo i dtreo acmhainní úsáideacha thú leis an tsonraíocht nua a thabhairt isteach. Tabharfaidh sí spléachadh duit ar bhuaicphointí na chéad bhliana den OR le SSM ón scoilbhliain 2018-2019.



**Seo í an Fhoireann**

Sa phictiúr thuas ó chlé go deas, is iad seo an fhoireann lánaimseartha Micheál Scully, Ailís Travers (Ceannaire Foirne), Keith Young agus Niall Mulpeter. Mar mhúinteoirí ag obair ar Fhoireann Oideachas Reiligiúnach SSM, táimid dírithe ar chabhrú le múinteoirí an tSonraíocht nua d'Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm. Thosaigh sé seo in 2018 -2019 trí na laethanta d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus bhí lúcháir orainn casadh lena oiread sin dár gcomhghleacaithe san OR. Is iontach an rud é bualadh le múinteoirí aghaidh ar aghaidh agus tabhairt faoin tsonraíocht nua le chéile. Táimid ag súil le bheith ag obair libh arís i mbliana.

**Acmhainní don Oideachas Reiligiúnach**

Tá teacht ar réimse leathan acmhainní ar leathanach OR an tsuímh [www.jct.ie](http://www.jct.ie) Gheobhaidh tú príomhcháipéisí, sonraí faoi imeachtaí atá le teacht, ábhar ó imeachtaí FGL go dtí seo agus acmhainní chun tacú le OR na Sraithe Sóisearaí ina measc póstaer agus teimpléid phleanála. Tá an tsonraíocht d'OR na Sraithe Sóisearaí agus príomhghoiciméid eile le fáil ach cliceáil anseo.

**Seimineár Gréasáin**

Is acmhainn fhiúntach eolais a bheas sa seimineár gréasáin 'Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí don Oideachas Reiligiúnach a Úsáid chun Aonad Foghlama a Phleanáil,' chun tosú a phleanáil d'OR na Sraithe Sóisearaí. Na múinteoirí a bhí in ann a bheith linn beo ar 28 Márta 2019 cuir siad a lán ceisteanna breátha. D'úsáid muid na ceisteanna sin a tháinig arís is arís le cuidiú lenár bpleanáil i mbliana. Gabhaimid buíochas le gach duine a ghlac páirt i dtráthnóna fíorthairbheach. Is féidir teacht ar thaifeadadh den seimineár gréasáin anseo [Nasc](#)

**Buaicphointí 2018 /2019**

**Cuimhneachán ar an Uileloscadh**

Bhí sé de phribhléid ag foireann Oideachas Reiligiúnach SSM freastal ar 'Lá Cuimhneacháin an Uileloiscthe' sa Teach Mór, BÁC Dé Domhnaigh 27 Eanáir. Ba é téama na hoíche 'Foghlaim ón lá inné – ceachtanna don lá inniu'.

Tá an fhoireann le feiceáil sa phictiúr anseo le Tomi Reichental, a tháinig slán ón Uileloscadh.



**Comhdháil Bhliantúil RTAI**

Bhí ríméad orainn freastal a dhéanamh ar Chomhdháil Bhliantúil RTAI agus an príomhthéasc a thabhairt ar 9 Márta ag Óstán Bhá Hudson. Ba dheis iontach í seo le bualadh le múinteoirí, freastal ar cheardlanna agus a bheith ag obair i bpáirt le cumann an ábhair.



**Siompóisiam Oideachas Reiligiúnach SSM**

I mí Aibreáin, d'eagraigh muid an chéad siompóisiam d'OR na Sraithe Sóisearaí in DCY i gcomhar le hIonad na hÉireann um Oideachas Reiligiúnach (IÉOR). Ba iad Tomi Reichental agus Kevin Toolis príomhchainteoirí an lae. Bhí ceardlanna éagsúla ann ó Shiúracha Moslamacha Éireann, Trócaire, an Dr. Brad Anderson (DCU) agus Foireann SSM chun cabhrú linn dul i ngleic le torthaí foghlama na sonraíochta nua.



Chun clabhsúr a chur leis an ócáid, tosaíodh ar phlé painéil inar breathnaíodh ar dheasghnátha agus na torthaí foghlama nua ó shonraíocht an Oideachais Reiligiúnaigh agus bhí fóram ceisteanna agus freagraí ann i ndiaidh an tseisiúin sin ónár bpainéal. Chun buaicphointí na hócáide seo a fheiceáil, cliceáil [anseo](#).

**Eolas Tábhachtach 2019 -2020**

Tá an lá tosaigh FGL ó 2018 / 19 á athreachtáil in ionaid oideachais ar fud na tíre go dtí meántearma Dheireadh Fómhair. Mura bhfuair tú seans a bheith linn anuraidh tá roinnt spásanna teoranta fós ar fáil ar na laethanta seo. Tosóidh an lá FGL leantach i mí na Samhna agus is féidir leat freastal ar an lá a bheas do scoil dúnta don chnuasoiliúint. Féach ar fhéilire do scoile le haghaidh dátaí. Déan teagmháil le do Phríomhoide nó le comhordaitheoir SSM chun clárú le haghaidh ceachtar acu nó an dá lá.

Tabhair leat gaireas le hinrochtaineacht WiFi, más féidir. Táimid ag súil le tú a fheiceáil i rith na bliana. Idir an dá linn, is féidir muid a leanúint ar Twitter [@JCT\\_RE](#)

**Le dea-mhéin agus dea-ghuí don scoilbhliain nua ó Fhoireann Oideachas Reiligiúnach SSM** Ailís Travers, Niall Mulpeter, Micheál Scully & Keith Young